Oiliúint Eitice 2025

Reáchtáil poistphoiblí a chlár bliantúil oiliúna agus feasachta i mí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2025, a dhírigh ar na príomhthosaíochtaí a bhfuil tionchar acu ar réimse an iompair eitice agus bainistíocht riosca eagraíochtúil, tar éis dó an clár seo a reáchtáil go rathúil ó bhí 2021 ann. Tugadh "Gnó Rioscúil" ar an gclár agus moladh do gach ball foirne freastal air. Tá na hacmhainní ó gach seisiún ar fáil do gach ball foirne agus baintear úsáid astu mar chuid den chlár ionduchtúcháin do bhaill foirne nua chomh maith. Cuirtear oiliúint Imscrúdaithe Calaoise ar bhainisteoirí sinsearacha go rialta freisin.



